C/2024/577

3.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11409 — ELIA / GLENTRA / ENERGYRE / ENERGYRE GIGA PROJECTS USA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/577)

1. An 11 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Elia Group SA/NV ('Elia', an Bheilg), atá faoi rialú ag Publi-T SC (Belgium),

— Glentra Capital P/S ('Glentra', an Danmhairg), atá faoi rialú ag an Uasal Henrik Tordrup agus Novo Holdings A/S (an Danmhairg),

— energyRe Holdings, LLC ('energyRe Holdings', Stáit Aontaithe), atá faoi rialú ag Yukon Holdings, LLC (Stáit Aontaithe),

— energyRe Giga-Projects USA Holdings, LLC ('energyRe Giga-Projects', Stáit Aontaithe), atá faoi rialú go hindíreach ag energyRe Holdings.

Gheobhaidh Elia, Glentra, agus energyRe Holdings rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar energyRe Giga-Projects.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is le Elia oibreoir córais tarchurtha amháin sa Bheilg agus sa Ghearmáin araon agus oibríonn sé an t-idirnascaire tarchurtha leictreachais fomhuirí lena nasctar an Bheilg agus an Bhreatain Mhór,

— Gnólacht infheistíochta is ea Glenta a dhíríonn ar chuideachtaí a chuireann an t-aistriú fuinnimh chun cinn,

— Cuideachta sealbhaíochta dheiridh ghrúpa energyRe group is ea energyRe Holdings, ar léi punann de shócmhainní infreastruchtúir ghlain (lena n-áirítear sócmhainní gaoithe amach ón gcósta, sócmhainní gaoithe ar an tír, agus sócmhainní gréine, stórála, tarchurtha agus sócmhainní ar scála fóntais) sna Stáit Aontaithe.

3. I measc gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais energyRe Giga-Projects, áirítear tionscadail lena ngintear fuinneamh in-athnuaite sna Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11409 — ELIA / GLENTRA / ENERGYRE / ENERGYRE GIGA PROJECTS USA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË